

Comhairle Contae na Mí

FOIRM IARRATAIS PHLEANÁLA

Foirm Uimhir 2 de Sceideal 3 a ghabhann leis na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2006

Roinn Pleanáil
Teach Buvinda
Bóthar Bhaile Átha Cliath
An Uaimh
Co. na Mí

Teil: 046-9097500

Facs: 046-9097001

R-phost: info@meathcoco.ie

TABHAIR AN MÉID SEO A LEANAS FAOI DEARA SULA gCOMHLÁNAÍTEAR AN FHOIRM SEO:

FOIRM IARRATAIS PHLEANÁLA CHAIGHDEÁNACH AGUS DOICIMÉID A THÉANN LÉI:

Má theipeann ar dhuine an fhoirm seo a chomhlánú nó an doiciméid riachtanach a iamd léi, nó má chuirtear faisnéis chontráilte isteach nó má fhágtar faisnéis riachtanach ar lár, déanfar an t-iarratas a neamhbhailiú dá bharr. Bí cinnte mar sin de, go gcomhlánófar gach cuid den fhoirm iarratais seo go hiomlán agus go síneofar í, le do thoil. Ba chóir don iarratasóir n/b (neamhbhainteach) a scríobh sa chás is cuí. Bí cinnte, le do thoil, go n-iafar gach doiciméad is gá leis an fhoirm iarratais.

FAISNÉIS BHREISE

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil a phlean forbartha féin ag gach údarás pleanála, ina leagtar amach beartais agus cuspóirí maidir le forbairt áitiúil dá limistéar féin. D'fhéadfadh faisnéis fhorlíontach (.i. seachas a n-iarrtar san fhoirm seo) a bheith ag teastáil ón údarás, mar sin de, chun cinneadh a dhéanamh an dtagann an t-iarratas leis an bplean forbartha agus d'fhéadfaidís seo a iarraidh ar fhoirm iarratais fhorlíontach.

Ní dhéanfar an t-iarratas pleanála a neamhbhailiú má theipeann ar dhuine an fhaisnéis fhorlíontach seo a sholáthar ach féadfar moill a chur ar an bpróiseas cinnteoireachta nó cead a dhiúltú dá bharr. Ba chóir d'iarratasóirí dul i dteagmháil leis an údarás pleanála ábhartha mar sin le fáil amach cé na beartais agus cuspóirí áitiúla a bheadh ag baint leis an bhforbairt bheartaithe agus cibé an bhfuil faisnéis bhreise ag teastáil.

COSAINT SONRAÍ

Is próiseas oscailte poiblí é an próiseas pleanála. Sa chomhthéacs sin, cuirtear ar fáil le hiniúchadh nó le ceannach ag an bpobal gach iarratas pleanála agus na doiciméid a théann leis, seachas sonraí teagmhála áirithe, agus is féidir iad a chur ar fáil ar shuíomh idirlín an údaráis áitiúil. Foilsímid (an tÚdarás Pleanála) gach seachtain, i gcóip chrua agus ar ár suíomh idirlín, liosta de na hiarratais phleanála atá faighte, chomh maith le liosta de na cinní pleanála.

Tá sé tugtha faoi deara againn gur féidir go ndíreoidh daoine san earnáil gnó atá ag gabháil don mhargaíocht dhíreach ar iarratasóirí de bharr foilsíú iarratas pleanála ag údaráis phleanála. Mar fhreagra ar iarratas ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí, tugtar seans duit anseo do rogha a léiriú maidir le hábhair mhargaíochta dírí a fháil de bharr iarratas pleanála a lóisteáil.

Má tá tú sásta ábhair mhargaíochta dírí a fháil cuir tic sa bhosca seo lo thoil

D'fhéadfadh margaíocht dhíreach a bheith tríd an bpost, ar an nguthán, de láimh nó trí phost leictreonach mar ríomhphost nó mar theachtaireacht téacs áit a soláthraítear na sonraí sin.

Tá sé mar fhreagracht ar na haonáin ar mian leo sonraí pearsanta ar liostaí iarratais phleanála agus cinní a úsáid le haghaidh cuspóirí margaíochta dírí bheith sásta go ndéanfar sin go dlisteanach de réir riachtanais na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003 ag cur an rogha atá léirithe thuas san áireamh.

FOIRM IARRATAIS PHLEANÁLA

1. Ainm an Údaráis Phleanála Ábhartha:

Comhairle Contae na Mí

2. Suíomh na Forbartha atá Beartaithe:

Seoladh Poist nó Baile Fearainn nó Suíomh (cibé is fearr leis an talamh nó déanmhas atá i gceist a aithint)

*Uimhir Thagartha Léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis (agus an Tagairt Eangaí má tá sí ar fáil)*¹

3. Cineál cead pleanála (cuir tic sa bhosca cuí):

Cead

Cead le haghaidh coinneála

Cead Imlíneach

Cead de dhroim Cead Imlíneach a Dheonú

4. Más é gur cead pleanála de dhroim cead imlíneach a dheonú atá ann:

Uimhir Thagartha Chlár na gCeadanna Imlíneacha: _____

Dáta Deonaithe Ceada Imlínigh: ____/____/____

(Tabhair do d'aire: Ní cóir Cead de dhroim Cead Imlíneach a Dheonú a iarraidh seachas sa chás ar iarradh Cead Imlíneach roimhe. Faoi Alt 36 3(a) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 maireann éifeacht Cheada Imlínigh ar feadh tréimhse 3 bliana.)

5. Iarratasóir ² : (ní gníomhaire ag feidhmiú ar a shon)

Ainm(neacha) _____

(caithfear seoladh a sholáthar ag deireadh na foirme seo (Ceist 23))

6. Más Cuideachta an Iarratasóir (cláraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 1999):

Ainm(neacha) stiúrthóra/stiúrthóirí na cuideachta _____

Seoladh Chláraithe na cuideachta _____

Uimhir Chláraithe Cuideachta _____

Uimhir Ghutháin _____

Uimhir Facs _____

Seoladh r-phoist (más ann) _____

7. Duine/Gníomhaire ag feidhmiú thar ceann an Iarratasóra (más amhlaidh go bhfuil):

Ainm _____

(seoladh le soláthar ag deireadh na foirme seo (Ceist 24))

8. Duine atá freagrach as Líníochtaí agus Pleananna a ullmhú ³ :

Ainm _____

Gnólacht/Cuideachta _____

--

11. Achar an Láithreáin:

<i>Achar an láithreáin lena mbaineann an t-iarratas i heicteáir</i>	heicteár
---------------------------------------------------------------------	----------

12. Sa chás go mbaineann an t-iarratas le foirgneamh nó foirgnimh:

<i>Spás comhlán urláir ⁵ d'aon fhoirgneamh/foirgnimh atá ann cheana féin i m²</i>
<i>Spás comhlán urláir na n-oibreacha beartaithe i m²</i>
<i>Spás comhlán urláir na hoibre atá le coinneáil i m² (más cuí)</i>
<i>Spás comhlán urláir d'aon scartáil i m² (más cuí)</i>

13. I gcás forbartha measctha (m.sh. forbairt cónaithe, tráchtála, tionscail, srl), tabhair miondealú ar na haicmí difriúla forbartha agus miondealú ar an spás comhlán urláir maidir le gach aicme forbartha:

<i>Aicme Forbartha</i>	<i>Spás comhlán urláir i m²</i>

14. I gcás forbartha cónaithe, tabhair miondealú ar an meascán cónaithe, le do thoil :

<i>Líon</i>	<i>Stiúideo</i>	<i>1Leaba</i>	<i>2 Leaba</i>	<i>3 Leaba</i>	<i>4 Leaba</i>	<i>4+ Leaba</i>	<i>Iomlán</i>
<i>Tithe</i>							
<i>Árasáin</i>							
<i>Líon na n-áiteanna páirceála carr atá le soláthar</i>	<i>Ann cheana féin:</i>	<i>Beartaithe:</i>		<i>Iomlán:</i>			

15. Sa chás go mbaineann an t-iarratas le hathrú ábhartha úsáide maidir le haon talamh nó déanmhas nó le hathrú ábhartha úsáide den sórt sin a choinneáil:

<i>Úsáid atá ann cheana féin ⁶ (nó úsáid</i>	
---------------------------------------------------------	--

<i>roimhe sin sa chás go bhfuil cead coinneála á lorg)</i>	
<i>Úsáid atá beartaithe (nó úsáid atá beartaithe le coinneáil)</i>	
<i>Cineál agus méid aon úsáide den sort sin atá beartaithe (nó úsáid atá beartaithe le coinneáil)</i>	

16. Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne

<i>Cuir tic sa bhosca cúí</i>	<i>Is ea</i>	<i>Ní hea</i>
<i>An iarratas é ar chead forbartha lena bhfeidhmíonn Cuid 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000?</i> ⁷		
<p>Más é “is ea” freagra na ceiste thuas agus mura bhfuil an fhorbairt díolmhaithe (féach thíos) caithfear a shonrú, mar chuid den iarratas, an bealach atá i gceist agat alt 96 de Chuid V den Acht a chomhlíonadh.</p> <p>Más é “is ea” freagra na ceiste thuas ach go measann tú go bhfuil an fhorbairt díolmhaithe de bhua alt 97 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000⁸, caithfear cóip den Deimhniú Díolúine faoi alt 97 a chur isteach (nó, sa chás go bhfuil iarratas ar dheimhniú díolúine déanta ach nach bhfuil cinneadh déanta ina leith go fóill, ba chóir cóip den iarratas a chur isteach).</p> <p>Más é “ní hea” freagra na ceiste thuas de bhua alt 96(13) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000⁹, ba chóir mionsonraí a chur isteach a thabharfar le fios an bonn ar a mheastar go mbaineann alt 96(13) leis an bhforbairt .</p>		

17. Mionsonraí na Forbartha

<i>Cuir tic sa bhosca cúí</i>	<i>Tá / Baineann</i>	<i>Níl / Ní bhaineann</i>
<i>An bhfuil sé i gceist san fhorbairt atá beartaithe obair ar dhéanamhas atá faoi chosaint nó ar a chúirtealáiste nó ar dhéanamhas atá beartaithe le cur faoi chosaint nó ar a chúirtealáiste?</i>		
<i>An bhfuil sé i gceist san fhorbairt atá beartaithe obair ar thaobh seachtrach aon déanamhas atá lonnaithe taobh istigh de limistéar caomhantais ailtireachta (LCA)?</i>		
<i>An mbaineann an t-iarratas le forbairt a</i>		

<i>dhéanann difear dó nó atá gar do shéadchomhartha nó áit atá taifeadta faoi alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú),¹⁰ 1994 ?</i>		
<i>An mbaineann an t-iarratas le hobair taobh istigh de nó gar do Láithreán Eorpach (faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 94/1997) nó Limistéar Oidhreachta Nádúrtha?</i>		
<i>An bhfuil gá le Ráiteas Tionchair Timpeallachta a ullmhú don fhorbairt bheartaithe¹¹ ?</i>		
<i>An mbaineann an t-iarratas le forbairt a chuimsíonn nó atá chun críocha gníomhaíochta dá bhfuil ceadúnas um chosc agus rialú comhtháite truaillithe ag teastáil?</i>		
<i>An mbaineann an t-iarratas le forbairt a chuimsíonn nó atá chun críocha gníomhaíochta dá bhfuil ceadúnas dramhaíola ag teastáil?</i>		
<i>An mbaineann na Rialacháin maidir le Mórthionóiscí leis an bhforbairt atá beartaithe?</i>		
<i>An mbaineann an t-iarratas le forbairt i gCrios Forbartha Straitéisí?</i>		
<i>An bhfuil sé i gceist mar chuid den fhorbairt atá beartaithe¹² aon teach ináitrithe a scartáil ?</i>		

18. Stair an Láithreáin

Mionsonraí maidir le stair an láithreáin (má tá ar eolas)

Go bhfios duit, an raibh an láithreán atá i gceist faoi uisce tuilte riamh?

Bhí [] Ní raibh []

Má bhí, tabhair mionsonraí, m.sh. bliain, an méid a bhí sé faoi uisce.

An eol duit aon úsáid a baineadh as an láithreán roimhe seo, m.sh. dumpáil, cairéalú?

Is eol [] Ní heol []

Más eol, tabhair mionsonraí le do thoil.

An eol duit an ndearnadh aon iarratas pleanála bailí roimhe seo i leith na talún/ an déanmhais seo?

Is eol [] Ní heol []

Más eol, luaigh an uimhir thagartha phleanála /na huimhreacha tagartha pleanála agus an dáta/na dátaí a bhfuair an t-údarás pleanála an t-iarratas pleanála /na hiarratais phleanála más eol sin:

Uimhir Thagartha: _____ Dáta: _____

Uimhir Thagartha: _____ Dáta: _____

Uimhir Thagartha: _____ Dáta: _____

Má rinneadh iarratas pleanála **bailí** i leith na talún nó an déanmhais seo sna 6 mhí roimh lóisteáil an iarratais phleanála seo, caithfidh an fógra láithreáin a bheith ar chúlra buí de réir Airteagal 19(4) de Rialacháin Phleanála agus Fhorbartha 2001 arna leasú.

An bhfuil láithreán an togra mar ábhar achomhairc reatha chuig an mBord Pleanála maidir le forbairt den chineál céanna?

Tá [] Níl []

Uimhir Thagartha an Bhoird Phleanála: _____

(Tabhair do d'aire: Caithfear an t-achomharc a chinneadh nó a tharraingt siar sula ndéanfar iarratas eile den chineál).

19. Comhairliúchán Réamhiarratais

Ar tharla comhairliúchán réamhiarratais i ndáil leis an bhforbairt atá beartaithe ¹⁴ ?

Tharla [] Níor tharla []

Má tharla, tabhair mionsonraí le do thoil.

Uimhir Thagartha: (más ann): _____

Dáta(i) an chomhairliúcháin: ____/____/____

Daoine rannpháirteacha: _____

20. Seirbhísí

Foinse Soláthair Uisce atá Beartaithe

Nasc ann cheana féin [] Nasc nua []

Príomhphíobáin Uisce Phoiblí [] Grúpscéim Uisce [] Tobar Príobháideach []

Eile (Sonraigh le do thoil): _____

Ainm na Grúpscéime Uisce (san áit is cuí) _____

Bainistíocht/Cóireáil Fuíolluisce atá Beartaithe:

Ann cheana féin [] Nua []

Séarach Poiblí [] Gnáthchóras umair sheiptigh []

Córas cóireála eile ar an láithreán [] Sonraigh le do thoil _____

Diúscairt Uisce Dromchla atá Beartaithe

Séarach Poiblí/Draein Phoiblí [] Poll Súite []

Sruthchúrsa [] Eile [] Sonraigh le do thoil _____

21. Mionsonraí an Fhógra Phoiblí

<i>Nuachtán faofa¹⁵ inar foilsíodh an fógra</i>	
<i>Dáta foilsithe</i>	
<i>Dáta ar cuireadh suas fógra láithreáin</i>	

22. Táille Iarratais

<i>Táille Iníoctha</i>	
<i>Bunús an Ríomha</i>	

Dearbhaím leis seo, de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim, go bhfuil an fhaisnéis a tugadh san fhoirm seo ceart agus cruinn agus go gcloíonn sé go hiomlán le hAcht Pleanála & Forbartha 2000, mar a leasaíodh, agus na Rialacháin arna ndéanamh faoi:

Arna shíniú ag _____
(Iarratasóir nó Gníomhaire mar is cú)

Dáta: _____

Ní bheidh iarratasóir i dteideal an fhorbairt a chur i gcrích bunaithe ar chead pleanála amháin. D'fheadfadh ceadanna eile a bheith ag teastáil ón iarratasóir, ag brath ar an gcineál forbartha. Mar shampla, caithfidh gach foirgneamh nua, síneadh agus athrú orthu, agus athruithe áirithe ar úsáid fhoirgneamh atá ann cheana féin, rialacháin tógála a chomhlíonadh lena leagtar amach buncheanglais dearthóireachta agus tógála.

FAISNÉIS TEAGMHÁLA BHREISE

NÍL SÉ SEO LE CUR AR FÁIL IN ÉINEACHT LEIS AN IARRATAS

Tabhair do d'aire le do thoil:

- **Caithfear** seoladh an iarratasóra a chur isteach ar an leathanach seo.
- Más mian leis an iarratasóir/ ngníomhaire eolas teagmhála breise a chur isteach is féidir é a iniamh anseo.
- Ní fhoilseofar an leathanach seo mar chuid den chomhad pleanála.

23. Iarratasóir²:

<i>Seoladh (Riachtanach)</i>	
<i>Uimhir Ghutháin</i>	
<i>Seoladh (Riachtanach)</i>	
<i>Uimhir Facs</i>	

24. Duine/Gníomhaire ag feidhmiú thar ceann an Iarratasóra (más amhlaidh go bhfuil):

<i>Seoladh</i>	
<i>Uimhir Ghutháin</i>	
<i>Seoladh r-phoist (más ann)</i>	
<i>Uimhir Facs (más ann):</i>	
Ar cheart gach comhfhreagras a sheoladh chuig an seoladh thuas? (cuir tíc sa bhosca cuí) (Tabhair do d'aire le do thoil más 'Níor Cheart' an freagra, seolfar gach comhfhreagras chuig seoladh an Iarratasóra)	
Ba cheart []	Níor cheart []

25. An Duine atá freagrach as Líníochtaí agus Pleananna a ullmhú:

<i>Seoladh</i>	
<i>Uimhir Ghutháin</i>	
<i>Seoladh r-phoist (más ann)</i>	
<i>Uimhir Facs (más ann):</i>	

26. Úinéir (riachtanach sa chás nach é an t-iarratasóir an t-úinéir):

<i>Seoladh (Riachtanach)</i>	
<i>Uimhir Ghutháin</i>	

Seoladh r-phoist (más ann)	
Uimhir Facs (más ann):	

Is cóir na doiciméid seo a leanas a bheith i dteannta na foirme seo:

Tabhair do d'aire, le do thoil, mura bhfuil na doiciméid chúí iniata, go measfar d'iarratas a bheith neamhbhailí.

GACH Iarratas Pleanála

- ⊕ Leathanach ábhartha an nuachtáin ina bhfuil fógra d'iarratais
- ⊕ Cóip d'fhógra an láithreáin
- ⊕ 6 chóip de léarscáil shuíomh an láithreáin¹⁶
- ⊕ 6 chóip de phlean an láithreáin nó de phlean leagain amach¹⁶⁺¹⁷
- ⊕ 6 chóip de phleananna agus sonraí eile a bheadh ag teastáil chun cur síos a dhéanamh ar na hoibreacha lena mbaineann an fhorbairt (iaigh líníochtaí mionsonraithe de phleananna urláir, ingearchlónna agus gearrthacha – seachas i gcás ceada imlínigh)
- ⊕ An Táille Pleanála chúí

Sa chás nach é an t-iarratasóir úinéir dlíthiúil na talún nó an déanmhas atá i gceist:

- ⊕ Toiliú scríofa an úinéara leis an iarratas a dhéanamh

Sa chás gurb iarratas le haghaidh forbartha cónaithe é atá faoi réir Cuid V d'Acht 2000:

- ⊕ Sonraíocht ar an mbealach a bhfuil sé beartaithe alt 96 de Chuid V a chomhlíonadh

Nó

- ⊕ Deimhniú díolúine ó cheanglais Chuid V

Nó

- ⊕ Cóip den iarratas a cuireadh isteach le haghaidh deimhnithe díolúine.

Sa chás gurb iarratas le haghaidh forbartha cónaithe é nach bhfuil faoi réir Cuid V d'Acht 2000 de bhua alt 96(13) den Acht:

- ⊕ Faisnéis lena leagfar amach an bonn ar a meastar go mbaineann alt 96(13) leis an bhforbairt.

Sa chás go bhfuil córas diúscartha fuíolluisce i gceist don fhorbairt atá beartaithe seachas trí shéarach poiblí:

- ⊕ Faisnéis ar an gcóras cóireála atá beartaithe don láithreán agus fianaise maidir le hoiriúnaí an láithreáin don chóras atá beartaithe.

Sa chás go mbaineann an t-iarratas le déanmhas faoi chosaint / struchtúr atá beartaithe le cur faoi chosaint / nó le taobh seachtrach aon déanmhais atá lonnaithe taobh istigh de limistéar caomhnaithe ailtireachta (LCA):

⊕ Grianghraif, pleananna agus sonraí eile a bheadh riachtanach le taispeáint an dóigh a dhéanadh an fhorbairt difear do charachtar an déanmhais.

Iarratais a bhaineann le hathrú ábhartha úsáide nó le hathrú ábhartha úsáide den sórt sin a choinneáil:

⊕ Pleananna (lena n-áirítear plean láithreáin nó plean leagain amach agus líníochtaí pleananna urlár, ingearchlónna agus gearrthacha a chomhlíonann ceanglais Airteagal 23) agus sonraí eile a bheadh ag teastáil a chuireann síos ar na hoibreacha atá beartaithe.

Sa chás go mbíonn Ráiteas Tionchair Timpeallachta riachtanach d'iarratas:

⊕ 10 gcóip den Ráiteas Tionchair Timpeallachta

Iarratais atá díolmhaithe ó tháillí pleanála:

⊕ Cruthúnas incháilitheachta le haghaidh díolúine ¹⁹

Treoracha maidir leis an bhfoirm seo a chomhlánú.

1. Tagairt eangaí de réir Thrasteilgean Mercator na hÉireann.
2. Ciallaíonn “an t-iarratasóir” an duine a bhfuil an cead pleanála á lorg aige, ní gníomhaire atá ag gníomhú thar a cheann.
3. Sa chás go bhfuil na pleananna déanta ag gnólacht/cuideachta, ba chóir ainm an duine atá freagrach go príomha as na líníochtaí agus na pleananna a ullmhú, thar ceann an ghnólachta/na cuideachta sin, a thabhairt.
4. Cur síos gairid ar chineál agus mhéid na forbartha, lena n-áirítear tagairt do líon agus airde na bhfoirgneamh, déanmhas faoi chosaint, srl.
5. Ciallaíonn spás comhlán urláir an t-achar arna dhéanamh amach de réir thomhas inmheánach spás an urláir ar gach urlár d’fhoirgneamh; .i. Caithfear achair na n-urlár a thomhas ón taobh istigh den bhalla seachtrach.
6. Sa chás gur ‘neamhshealbhaithe’ an úsáid faoi láthair, luaigh le do thoil an úsáid údaraithe is déanaí a baineadh as an talamh nó déanmhas.
7. Baineann Cuid V den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 leis sa chás –
 - go bhfuil an talamh criosaithe le haghaidh úsáide cónaithe nó le haghaidh meascáin d’úsáid chónaithe agus d’úsáidí eile;
 - go bhfuil cuspóir sa Phlean Forbartha don limistéar go gcuirfí céatadán den talamh ar fáil le haghaidh tithíochta sóisialta nó inacmhainne; agus
 - nach bhfuil an fhorbairt atá beartaithe díolmhaithe ó Chuid V.
8. Faoi alt 97 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000, is féidir go mbeidh iarratais díolmhaithe ó Chuid V más forbairt 4 theach nó níos lú atá i gceist nó forbairt ar thalamh níos lú ná 0.1 heicteár.
9. Faoi alt 96(13) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000, ní bhaineann Cuid V le forbairtí áirithe tithíochta ag comhlachtaí tithíochta deonaí faofa, le hathchóiriúcháin áirithe, le hoibreacha a dhéantar ar theach atá ann cheana féin nó le forbairt tithe faoi réir comhaontú arna dhéanamh faoi alt 96 den Acht.
10. Bíonn Taifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna, faoi alt 12 d’Acht Leasaithe na Séadchomharthaí Náisiúnta 1994, ar fáil, le haghaidh gach contae, sna húdarais áitiúla agus leabharlanna poiblí sa chontae sin. Tabhair faoi deara le do thoil má dhéanann an fhorbairt atá beartaithe difear nó má tá sé gar do shéadchomhartha náisiúnta atá, faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go dtí 2004, faoi úinéireacht nó chaomhnóireacht an Aire Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil nó údarais áitiúil nó atá ina ábhar ordaithe buanchoimeáda nó ordaithe buanchoimeáda sealadaigh, tá toiliú reachtúil ar leithligh ag teastáil, faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Le haghaidh faisnéise maidir le cibé an bhfuil séadchomharthaí náisiúnta faoi úinéireacht nó chaomhnóireacht an Aire Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil nó údaráis áitiúil nó ina n-ábhar orduithe buanchoimeáda, téigh i dteagmháil le Rannán na Séadchomharthaí Náisiúnta, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (1890 20 20 21)

11. Tá Ráiteas Tionchair Timpeallachta (RTT) riachtanach le haghaidh aicmí forbartha atá forordaithe de réir Airteagal 93 agus Sceideal 5 de Rialacháin Phleanála agus Fhorbartha 2001-2006. De réir Airteagal 103 de Rialacháin Phleanála agus Fhorbartha 2001, féadfaidh RTT a bheith ag teastáil freisin le haghaidh forbairtí atá faoi bhun na tairsí forordaithe má mheasann an t-údarás pleanála gur dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag an bhforbairt ar an gcomhshaoil, nó sa chás go mbeadh an fhorbairt suite ar nó i limistéar, suíomh, srl. arna leagan amach in Airteagal 103(2), a measann sé gur dhócha go mbeadh éifeachtaí suntasacha ag an bhforbairt ar chomhshaoil an limistéir, an tsuímh sin, srl.

12. Teastaíonn cead pleanála maidir le teach ináitrithe a scartáil.

13. Caithfear an t-achomharc a chinneadh nó a tharraingt siar sula ndéanfar iarratas eile den chineál.

14. Ní fhéadfaidh comhairliúchán foirmiúil réamharratais tarlú ach amháin faoi Alt 247 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000. Cé nach bhfuil sé éigeantach, moltar go ndéanfar comhairliúchán réamhphleanála. Ba chóir don iarratasóir dul i dteagmháil leis an údarás pleanála le hamanna agus suímh shonracha a shocrú. I gcás forbartha cónaithe lena mbaineann Cuid V d'Acht 2000, comhairlítear d'iarratasóirí leas a bhaint as an áis chomhairliúcháin réamharratais lena chinntiú gur féidir comhaontú i bprionsabal faoi Chuid V a bhaint amach sula gcuirfear an t-iarratas pleanála isteach.

15. Tá liosta na nuachtán faofa chun críocha fógra a thabhairt maidir le rún iarratas pleanála a dhéanamh, ar fáil ón údarás pleanála a bhfuil an t-iarratas le cur faoina bhráid.

16. Ba chóir go mbeadh gach plean, líníocht agus léarscáil dá gcuirtear faoi bhráid an údaráis phleanála de réir cheanglais Rialachán Pleanála agus Forbartha 2001-2006.

17. Ba chóir suímh fhógra(í) an láithreáin a thaispeáint ar léarscáil shuíomh an láithreáin.

18. Ba chóir don iarratasóir nó don ghníomhaire a chur in iúl don úinéir go gcuirfear an litir i gcomhad pleanála poiblí agus go mb'fhéidir go gcuirfear ar shuíomh gréasáin an údaráis áitiúil í sa chás gurb é seo polasaí an údaráis phleanála.

19. Féach Sceideal 9 de Rialacháin Phleanála agus Fhorbartha 2001. Má thairgtear táille laghdaithe, ba chóir mionsonraí ar íocaíochtaí agus cheadanna pleanála ábhartha roimhe sin a thabhairt. Má tá díolúine ó íocaíocht táillí á héileamh faoi Airteagal 157 de Rialacháin 2001, ba chóir fianaise a iamd le hincháilitheacht díolúine a chruthú.